GA
E-002260/2012
Freagra ón gCoimisinéir Dalli
thar ceann an Choimisiúin
(7.8.2012)

Níl aon staidreamh ann maidir le calaois bia a bhrath, ach tá an tsaincheist sin á plé go mion. Reáchtáil an Coimisiún comhdháil darb ainm 'coiriúlacht a bhaineann le bia a chomhrac' i mí Feabhra 2012 chun cleachtóirí a thabhairt le chéile, rud a chuir le hardú feasachta ar an ábhar.

I Rialachán (CE) 178/2002[1], tá an prionsabal ginearálta leagtha amach a chuireann cosc ar bhia nach bhfuil sábháilte a chur ar an margadh agus tá sé sonraithe ann gur cheart an dlí a bhaineann le bia a bheith dírithe ar chleachtais chalaoiseacha agus mhealltacha a chosc. Tá ceanglais dhiana maidir le lipéadú bia[2] i reachtaíocht an AE lena áirithiú go mbeidh na tomhaltóirí go hiomlán ar an eolas.

Is faoi na Ballstáit atá sé dlí bia an AE a chur i bhfeidhm agus a fhíorú go gcomhlíonann na hoibreoirí ceanglais an dlí sin ag gach céim, mar atá, an táirgeadh, an phróiseáil agus an dáileadh. Déantar an fíorú sin trí rialuithe oifigiúla a eagrú. Ní mór rialuithe oifigiúla a dhéanamh go rialta, ar bhonn riosca, agus chomh minic agus is cuí. Ní mór bearta a dhéanamh chun an riosca a choinneáil faoi thairseach áirithe agus chun dlí bia an AE a fhorghníomhú ar tháirgí intíre agus ar tháirgí allmhairithe araon. Maidir le táirgí allmhairithe, ceanglaítear le hAirteagal 11 de Rialachán (CE) 178/2002 go gcomhlíonfaidh siad ceanglais an AE nó na coinníollacha a aithníonn an AE a bheith coibhéiseach leis na ceanglais sin ar a laghad. Ní mór do na Ballstáit seiceálacha doiciméadúcháin, sainaitheantais agus fisiciúla a dhéanamh chun an comhlíonadh sin a fhíorú. I gcás earraí ardriosca áirithe, ní mór na seiceálacha a dhéanamh i saoráidí sonracha a luaithe a thagann siad isteach san AE.

Áirithíonn rialuithe oifigiúla go n-aithnítear easnaimh agus ba cheart go bhféadfaí bearta ceartaitheacha a dhéanamh agus pionóis a ghearradh dá mbarr i gcás coireanna maidir le bia. I bhfianaise an méid sin, níl aon ghá le straitéis shonrach chun calaois bia a chomhrac.

---

[1] IO L 31, 1.2.2002
[2] IO L 304, 22.11.2011